Parlaimint na hEorpa
2014-2019

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P8_TA(2019)0065

Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe AE-Mharacó ***

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Feabhra 2019 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó, an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis agus an mhalartaithe litreacha a ghabhann leis an gComhaontú (14367/2018 – C8-0033/2019 – 2018/0349(NLE))

(Toiliú)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (14367/2018),

– ag féachaint don dréacht-Chomhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Ríocht Mharacó, don Phrótacal Cur Chun Feidhme a ghabhann leis agus don mhalartú litreacha a ghabhann leis an gComhaontú (12983/2018),

– ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 43, le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C8-0033/2019),

– ag féachaint do Riail 99(1) agus (4) agus do Riail 108(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Iascach agus don tuairim ón gCoiste um Buiséid (A8-0027/2019),

1. ag tabhairt a toilithe don chomhaontú;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Ríocht Mharacó.